Cé sinne?

Táimid bródúil as a bheith ag feidhmiú mar Chomhpháirtí Intreo faoin Roinn Coimirce Sóisialaí in Éirinn, agus is í Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge CTR an príomhshealbhóir conartha. I gcomhar le Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge agus Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas, táimid tiomanta do sheirbhísí eisceachtúla treorach fostaíochta a sholáthar. I dteannta a chéile, cuirimid ar chumas daoine aonair ar fud Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas bacainní a shárú agus dul isteach sa lucht saothair arís go rathúil.

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

South Tipperary Development CLG

WATERFORD AREA PARTNERSHIP CLG

Intreo | Partner

Teagmháil:

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Sheirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas, déan teagmháil le:

+353-58-44077

info@wst.ie

www.wst.ie

Waterford LEADER Partnership CLG

Páipéar 100% athchúrsáilte

Port Láirge agus Tiobraid Árann Theas (WST) Seirbhís Fostaíochta na gCeantar Áitiúil

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

Do Bhealach chun na Fostaíochta a Chumasú

Ag Seirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas (WSTLAES), táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair a bhfuil dúshláin rompu agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar an margadh fostaíochta. Mar Chomhpháirtí iontaofa Intreo, atá ar conradh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, táimid bródúil as ról lárnach a bheith againn i Seirbhís Fostaíochta Poiblí na hÉireann.

Intreo Partner

Ár gcuid Seirbhísí — Curtha in Oiriúint duit chun go n-éireoidh leat

- Gairmthreoir phearsanta
- Tacaíocht duine le duine atá deartha chun cabhrú leat do spriocanna gairme a shocrú agus a bhaint amach
- CV & Cabhair le Litir Chumhdaigh
- Doiciméid ghairmiúla a chruthú a leagann béim ar do chuid láidreachtaí agus scileanna
- Ullmhúchán don Agallamh
- Oiliúint phraiticiúil chun muinín a thógáil agus barr feabhais a chur ar agallaimh
- Cabhair maidir le Cuardach Poist
- Straitéisí atá cruthaithe chun tú a nascadh leis na deiseanna cearta ar fud Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas.
- Atreorúcháin Oiliúna
- Rochtain ar chláir shaincheaptha oiliúna agus oideachais chun uasoiliúint a dhéanamh agus do spriocanna a bhaint amach

Ár Scéal n-uige seo

Ó 1999 i leith, mar Chomhpháirtithe Intreo, táimid tiomanta do sheirbhísí éifeachtacha comhairle agus tacaíochta fostaíochta a sholáthar. Táimid ag díriú ar ár bpobail a neartú trí dheiseanna fostaíochta agus trí shaol ár gcliant a fheabhsú.